

Plean feabhsúcháin scoile

Scoil Naithí

Baile an tSaoir,


B.Á.C 16.

Uimhir Rolla na Scoile: 19437u

Plean feabhsúcháin scoile

Tréimhse mheastóireachta: *Bealtaine 2013 go Meitheamh 2016*

Dáta eisiúna an phleain: *Meán Fómhair 2013*



Achoimre ar Phlean feabhsúcháin scoile

1. Réamhrá

1.1 Fócas na meastóireachta

I rith na scoilbhliana 2012 rinneadh féinmheastóireacht scoile ar theagasc ar fhoghlaim na Gaeilgs sa scoil. Shocraíomar feabhas a chur ar Éisteacht agus Labhairt na Gaeilge.

Leagann an plean feabhsúcháin scoile amach na gníomhartha a dhéanfaimid sa scoil sna trí bliana seo romhainn, chun aidhmeanna an phleain feabhsúcháin a bhaint amach. Is é príomhaidhm na ngníomhartha seo ná feabhas a chur ar fhoghlaim ár ndaltaí.

2. Achoimre ar thorthaí na féinmheastóireachta scoile

2.1 Tá láidreachtaí ag ár scoil sna réimsí seo a leanas:

Láidreachtaí

- Tá torthaí sna scrúdaithe caighdeánaithe: Triail Ghaeilge Dhroim Conrach i bhfad níos airde ná na noirm náisiúnta i ngach rannóg; Foclóir-Léamh, Tuiscint-Léamh, Scríobh agus Éisteacht.
- Tá an fhoireann sásta leis an chóras go dtagann na páistí ar scoil agus scéal réitithe acu.
- Tá an fhoireann sásta le hobair an mhúinteora breise (d'aon fhocal gur chabhraigh an obair seo go mór le Gaeilge labhartha na bpáistí a fheabhsú).
- Tá dearcadh an-dearfach ag na páistí maidir lena gcumas sa Ghaeilge agus iad an-bhrodúil aisti.

- Úsáideann na múinteoirí réimse leathan modhanna múinte agus tá éagsúlacht sna ceachtanna a mhúintear sa scoil seo.
- Tá dea-chleachtais pleanála soiléir agus bunaithe ar thorthaí foghlama. Tá stíleanna foghlama tógtha san áireamh.
- Úsáidtear réimse leathan de mhodhanna measúnaithe agus tá cothromaíocht sa scoil idir mheasúnú atá treoirithe ag an múinteoir agus measúnú atá treoirithe ag na páistí féin. Leanfar agus curfear le seo.
- Tá réimse maith fíorleabhair Ghaeilge sa scoil.
- Tá na hacmhainní eile don Ghaeilge sásúil.

2.2 Tá sé beartaithe ag ár scoil tús áite a thabhairt do na **réimsí forbartha** seo a leanas:

Réimsí forbartha

- Cruinneas na bpáistí sa Ghaeilge Labhartha a fheabhsú sa seomra ranga agus sa chlós.
- Éisteacht agus tuiscint na bpáistí i nGaeilge a fheabhsú
- Nasc gníomhach baile scoile a chothú chun tacaíocht na dtuismitheoirí a fháil dár bplean feabhsúcháin (Labhairt, Éisteacht agus Tuscint na Gaeilge).

Tá sé beartaithe againn tús áite a thabhairt do na réimsí seo de bharr na fáthanna seo a leanas:

- ~ Go mbeadh na páistí in ann iad féin a chur in iúl go líofa agus go cruinn (i ngáth chomhrá an aoisghrúpa agus sa chomhrá sna hábhair scoile).
- ~ Tá laigeachtaí cruinnis sa chaint.
- ~ Thuairisc gach múinteoir go ndéanann formhór na bpáistí cumarsáid shoiléir, mhuiníneach ó bhéal ach nach bhfuil siad cruinn ó thaobh na Gaeilge de. Bíonn cuma an Bhéarla ar a gcuid cainte go minic.
- ~ Tá páistí ag déanamh botúin sa chaint nuair a bhíonn an rud ceart ar eolas acu.
- ~ Tá gá le fíorchumarsáid i nGaeilge sna ceachtanna go léir (OSIE, OSPS srl.).
- ~ Tá gá Gaeilge i gclós na scoile a fheabhsú

2.3 Tá na **spriocanna feabhsúcháin** seo a leanas leagtha amach a bhaineann le gnóthachtáil na ndaltaí agus tá na **gníomhartha** seo a leanas aitheanta a chuideoidh leis na spriocanna sin a bhaint amach sna trí bliana atá romhainn.

| Sprioc d'fheabhsúchán | Gníomh |
|--|--|
| <p>Deacrachtaí sa Ghaeilge labhartha agus cruinneas Gaeilge na bpáistí a fheabhsú sa seomra ranga.</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Chuireamar leabhrán le chéile bunaithe ar na botúin labhartha is coitianta sa scoil. Fuair na múinteoirí inseirbhís ar Chur Chuige Ionductach Foghlama le dul i ngleic leis na botúin ar bhealach atá taitneamhach do na páistí. • Shocraíomar liosta Filíochta agus Feidhmeanna teanga do gach rang ghrúpa. • Shocraíomar 20/30 nóiméad ar a laghad a chaitheamh ar chomhrá Gaeilge gach maidin (Gaeilge fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil). • Shocraíomar go mbeadh síorcheartú agus féincheartú i bhfeidhm i gcónaí (Deis a thabhairt don bpáiste an rud ceart a rá). • Shocraíomar ar Thionóil a bheith againn gach maidin Aoine chun Gaeilge na seachtaine a phlé agus Corn na Gaeilge a bhronnadh ar pháiste amháin as gach rang. • Shocraíomar ar phróifíl d'éisteacht agus labhairt na Gaeilge a dhéanamh dhá uair sa bhliain (ar naonúr páisite rianaithe as gach rang sa scoil). Cabhróidh sé seo le measúnú ar éifeacht an Phleain Feabhsúcháin Gaeilge. • Shocraíomar nach múinfidh aon Bhéarla go dtí tar éis am lóin agus go mbeadh sé seo le feiceáil ar an gClár ama. • Shocraíomar go múinfidh na téamaí ó liosta Shéideán Sí agus ó liosta Scoil Naithí. • Shocraíomar go mbeadh dialann/cóipleabhar frásaí ag gach páiste i R3 – R6. |

- Shocraíomar gur Gaeilge amháin a bheadh ar siúl i ngach rang ar feadh seacht lá scoile ag tús na scoilbhliana. Bhí an tumadh iomlán seo riachtanach mar go mbíonn Gaeilge na bpáistí an-mheirgeach i ndiaidh laethanta saoire an tSamhraidh.
- Shocraíomar go mbeadh an Amharclann in úsáid ag gach rang do chur i láthair na teanga.
- Dhréachtamar Eiseamláirí Teanga don chlós do gach rang ghrúpa.
- Shocraíomar go ndéanfaí ar a laghad tasc foirmiúil amháin éisteachta sa tseachtain i ngach rang.
- Shocraíomar go mbeadh scéal (nuacht agus scéalta pearsanta na bpáistí) réitithe lena dtuismitheoirí i ngach rang dhá lá sa tseachtain agus go mbeadh scéal réitithe gach maidin sa dá rang Naíonáin.

Cruinneas Gaeilge na bpáistí sa chlós a fheabhsú.

Éisteacht agus Tuiscint na bpáistí i nGaeilge a fheabhsú.

Nasc gníomhach baile scoile a fhorbairt chun Gaeilge labhartha na bpáistí a fheabhsú

Treoir do thuismitheoirí:

A thuismitheoirí, iarraidimid oraibh bhur ndícheall a dhéanamh i gcónaí an Ghaeilge a chur chun cinn sa bhaile, i dtimpeallacht na scoile, i gcomhlúadar na bpáistí agus ag ócáidí scoile.

Iarraidimid oraibh iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt sa bhaile nuair is féidir, is cuma muna mbíonn ann ach cúpla focal, nathanna cainte nó abairtí anseo is ansiúd. Is mór an chabhair dúinne agus don pháiste má bhíonn dearcadh dearfach i leith na Gaeilge le sonrú sa bhaile chomh maith leis an scoil. Bíonn sé soiléar ar chaighdeán líofachta na bpáistí nuair a bhíonn tacaíocht don teanga sa bhaile.

Iarraidimid oraibh tacaíocht a thabhairt do gach gné dár bplean feabhsúcháin, ach go háirithe scéal i nGaeilge a réitheadh leis na páistí (gach lá sna ranganna Naíonáin agus dhá lá sa tseachtain le Rang 1 – Rang 6).

Táimid ag brath oraibh cuidiú linn caighdeán na Gaeilge agus scileanna cumarsáide na bpáistí a fheabhsú.